

Beartas BOOÁCDL maidir le Táillí ar Chúrsaí Oideachas Aosach a Tharscaoileadh

- Féadfaidh fostaithe uile BOOÁCDL agus DATE/ Baill Choiste Chill Tiarnáin/ Oibrithe deonacha iarratas a chur isteach ar tharscaoileadh ar tháillí teagaisc le haghaidh cúrsa oideachais d’aosaigh (Ranganna Oíche) uair amháin in aghaidh an téarma arna thairiscint ag Scoileanna agus Ionaid BOOÁCDL.
- Ní mór d’iarratasóirí ar mian leo cur isteach ar tharscaoileadh foirm iarratais a iarraidh ón EOA/Stiúrthóir.
- Caithfear an Fhoirm iarratais a chur chuig an gCeannoifig lena faomhadh roimh oíche/lá an rollaithe. Ní dhéanfar aon iarratais dhéanacha a phróiseáil.
- Seolfar cóip den fhoirm iarratais fhaofa chuig an iarratasóir agus chuig an EOA/Stiúrthóir.
- Ní mór don iarratasóir an litir a chur faoi bhráid EOA/Stiúrthóir an Ionaid ina mbeidh an cúrsa ar siúl ar oíche/lá an rollaithe.
- Fiú amháin má dhéantar táillí a tharscaoileadh, ní féidir áit ar an gcúrsa arna iarraidh a ráthú mar beidh feidhm ag an méid seo a leanas:
 - Tabharfar tosaíocht do rannpháirtithe a íocfaidh táillí.
 - Ní mór **ochtar mac léinn a íocann an táille iomlán** ar a laghad a bheith ar gach cúrsa sula bhféadfaí tús a chur leis an gcúrsa sin.
- Chomh luath agus a dheimhneofar go mbeidh an cúrsa ag dul ar aghaidh, cuirfidh an EOA/Stiúrthóir an t-iarratasóir ar Chóras AEC agus roghnófar “Tarscaoileadh” mar an gcineál íocaíochta.
- Cuirfidh an EOA/Stiúrthóir in iúl don iarratasóir ansin go bhféadfaidh sé/sí freastal ar an gcúrsa.

Beartas Uimh.:	Leagan Uimh.:
Leaganacha roimhe seo:	Le hÉifeacht ón Dáta:
Faofa/Fordhearbhaite ag an mBord	Dáta an Athbheithnithe: